Cuntas Leithreasa 2019

# Vóta 18

# An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte

# Réamhrá

Tá dualgas orm i mo cháil mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 18 cuntas leithreasa an Vóta a ullmhú agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhair iniúchta.

De réir an cheanglais sin, tá an cuntas iniata ullmhaithe agam i leith an méid a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 ar thuarastail agus ar speansais na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte.

Déantar comparáid idir toradh an chaiteachais agus na suimeanna

a) a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2019, lena n-áirítear an tsuim den chaiteachas don bhliain a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasuithe i gcabhair.
b) a cuireadh ar fáil do sheirbhísí soláthair chaipitil in 2019 as leithreasuithe 2018 nár caitheadh, faoi na socruithe géillte iarchurtha a bunaíodh faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004.

Dlitear barrachas €8.822 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

D'oibrigh an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte mar oifig státseirbhíse ar leith faoi choimirce na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le linn na tréimhse cuntasaíochta dar críoch an 31 Nollaig 2019.

Is cuid den chuntas é an Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

## Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in Imlitir 27 de 2019 i bhfeidhm nuair a bhí an cuntas seo á ullmhú, seachas sna cásanna seo a leanas:

***An bunús le táille a ghearradh ar sheirbhísí***

Cuireann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte táille sheirbhíse i bhfeidhm dá seirbhísí AD agus dá seirbhís riaracháin pinsin. Dháil an táille Sheirbhísí Comhroinnte AD 2019 (Tobhach *PeoplePoint*) cuid de chostais oibríochta ar bhonn pro-rata i measc gach comhlacht san earnáil phoiblí ar ndearnadh freastal orthu (bunaithe ar an méid daoine atá fostaithe). Seasann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte an chuid eile.

Níl aon táille sheirbhíse i gceist do sheirbhísí comhroinnte párolla. Is trí bhíthin an buiséad párolla a chosc - ar bhunús atá neodrach don Státchiste-an modh. De réir mar a thagann comhlachtaí san earnáil phoiblí ar bord do sheirbhísí comhroinnte párolla, cuirtear laghdú buiséid gaolmhar i bhfeidhm ar a Vóta. B'ionann cosc párolla in 2019 agus nialas.

***Athstruchtúrú Vóta***

Rinneadh athstruchtúrú ar Vóta 18 don bhliain 2019 chun cuntas a thabhairt sa chaiteachas faoi cheithre phríomh-fho-cheannteidil a thagann leis na cláir ardleibhéil den Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte.

Is iad seo a leanas na ceithre chlár:

- Clár A - Feidhm an *NSSO*
- Clár B - Seirbhísí Comhroinnte AD
- Clár C - Seirbhísí Comhroinnte Párolla
- Clár D - Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais

Tá athanailís déanta ar na méideanna comparáideacha chun an struchtúr nua a léiriú nuair is cuí.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Admhaím go bhfuil de fhreagracht orm, i m'Oifigeach Cuntasaíochta dom, a chinntiú go bhfuil córas rialaithe inmheánaigh airgeadais éifeachtach ar bun agus á fheidhmiú ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte. Rinneadh an Oifig seo a bhunú ar chomhlacht státseirbhíse an 1 Eanáir 2018. Ba ar bhonn riaracháin a bhí sí ann roimhe seo laistigh den Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas eile mar Oifigeach Cuntasaíochta. Chomh maith leis sin níl córas rialaithe inmheánaigh airgeadais ar bith ábalta ach ráthaíocht réasúnach agus ní ráthaíocht daingean a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus go bhfuil taifead ceart á dhéanamh orthu agus go ndéantar earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí a sheachaint nó go ndéanfaí iad a aimsiú in am trátha. Is próiseas leanúnach é an córais rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Is mar seo a leanas an staid maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchadh inmheánach:

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ar bun ar gnéithe dá cuid iad seo a leanas.

- Tá freagrachtaí, agus an chuntasacht dá réir, maidir le cúrsaí airgeadais curtha i leith dhaoine faoi leith ar leibhéal na bainistíochta.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht i leith bainistíocht airgeadais sannta.
- Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus lena chinntiú go nglacfar gníomh ceartaitheach iomchuí.
- Tá Coiste Iniúchta agus Riosca neamhspleách ar bun d'fhonn comhairle a chur ormsa maidir lena leagtar de fhreagracht orm maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chomhlíonadh.
- Tá tuairisc i scríbhinn ar na nósanna imeachta maidir le gach ceann de na príomhphróisis ghnó.
- Tá córais ar bun chun na sócmhainní a chaomhnú.
- Tá Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais na Roinne Airgeadais ábhartha freisin ó tharla go gcuireann an Roinn Airgeadais seirbhísí idirbheart airgeadais ar fáil do Vóta 18 ar bhonn comhroinnte.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear dualgais a dheighilt agus córas tarmligin agus cuntasachta. Áirítear ann na nithe seo a leanas:

- tá córas cuí buiséid ar bun lena mbaineann buiséad bliantúil a choinníonn daoine sinsearacha den lucht bainistíochta faoi athbhreithniú
- athbhreithniú rialta á dhéanamh ag lucht bainistíochta sinsearaí ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamhaisnéisí
- tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm taobh istigh den Oifig
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- tá treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil iomchuí ann, chomh maith le disciplíní foirmeáltaum bhainistiú tionscadail.

***Comhlíontacht soláthair***

Cinntíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfuil béim chuí ar dhea-chleachtas nuair a bhítear ag ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíontacht gach teoirlíne iomchuí a chinntiú. Thuairiscigh an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte i dtuairisc 40/2002 aon chonradh a bhfuil luach caiteachais neamhchomhlíontach €684,608 sa bhliain acu (gan áireamh VAT) Níor sonraíodh uasluach maidir le táille sa chonradh sin, ach léiríodh luach measta conartha san fhógra soláthair. Lean an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte de sheirbhísí a sholáthar faoin gconradh sin thar an luach measta, mar gheall ar mhíthuiscint maidir le hoibleagáidí soláthair. Nuair a soiléiríodh é sin, cuireadh deireadh le húsáid an chonartha sin.

***Iniúchadh inmheánach agus An Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte agus go bhfuil pearsanra atá oilte go cuí ina bun. Feidhmíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte de réir cairte i scríbhinn atá faofa agam. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na hOifige i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Féachtar leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnach. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchta an fheidhm iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte a aithníonn agus a thuairiscíonn na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á nglacadh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus iad a mhaolú a mhéid agus is féidir.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí atá le sárú ag an Oifig agus tá siad sin aitheanta, measúnaithe agus grádáil déanta orthu de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go ráithiúil. Baintear leas as torthaí na measúnachtaí sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithroinnt chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú chuig leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus déantar freagracht i ndáil le feidhmiú rialuithe a shannadh ar bhaill foirne sonracha.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus easnaimh rialaithe. Déantar iad sin a chur in iúl dóibhsean atá freagrach as gníomh ceartaitheach a ghlacadh, an bhainistíocht agus an Bord Bainistíochta, nuair is ábhartha agus in am trátha. Deimhním go bhfuil príomhrioscaí agus na rialuithe bainteacha aitheanta agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe seo agus aon easnaimh a aithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den Oifig atá freagrach as creat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a choinneáil.

***Tuarascálacha ráthaíochta ar rialuithe in eagraíocht seirbhíse***

Tá próiseas iniúchta curtha i bhfeidhm agam chun ráthaíocht neamhspleách a chur ar fáil i leith rialuithe a chur i bhfeidhm maidir le seirbhísí arna gcur ar fáil ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte. Is iniúchóirí neamhspleácha a dhéanann na hiniúchtaí de réir an Chaighdeáin Idirnáisiúnta um Dhearbhuithe Iontaofachta (ISAE 3402) *Tuarascáil Ráthaíochta ar Rialuithe in Eagraíocht Seirbhíse*.

Bhain Seirbhísí Comhroinnte AD agus Seirbhísí Comhroinnte Párolla deimhniúchán *ISAE* Cineál II amach in 2020 bunaithe ar thástáil a cuireadh i gcrích in 2019. Cuireann sé seo dearbhú ar fáil dom gur baineadh na cuspóirí rialaithe amach agus gur cuireadh i bhfeidhm go héifeachtach iad ar fud na tréimhse atá faoi athbhreithniú.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Braitheadh eachtra de chalaois inmheánach in 2019. Tugadh faoi imscrúdú iomlán de réir an Bheartais um Chosc ar Chalaois na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte. Ba é tátal an imscrúdaithe gur tabhaíodh caillteanas airgeadais €30,519 i rith 2018 agus 2019. Déanfar an méid iomlán a chúiteamh.

Aithníonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte nár éirigh lena córas rialaithe inmheánaigh, ag an am sin, é seo a chosc. Tá athbhreithniú cuimsitheach maidir le rialuithe inmheánacha airgeadais na hOifige ar fad tugtha chun críche chun aon teipeanna rialaithe eile a mhaolú agus chun a chinntiú go mbeidh timpeallacht rialaithe airgeadais láidir i bhfeidhm.

***Ró-íocaíochtaí***

Rinneadh ró-íocaíochtaí le foireann cliaint, a raibh an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte ina bunchúis leo in 805 cás (2018: 1,010 cás) agus b'ionann a luach measta agus €831,701 (2018: €974,316). Is ionann sin agus 18% (2018: 22%) den luach airgeadais de na ró-íocaíochtaí ar fad agus 16% (2018: 22%) de líon iomlán na gcásanna ró-íocaíochta. Laghdú atá anseo ar an mbliain 2018.

Leanann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte de dhul i ngleic le ró-íocaíochtaí a bhaineann leis an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte tríd an bpróiseas a fheabhsú agus uathoibriú chomh maith le tuairisciú agus monatóireacht ó bhliain go bliain a fheabhsú.

Níor aithníodh aon laigí eile i rialú inmheánach airgeadais maidir le 2019 a raibh caillteanas ábhair mar thoradh orthu nó a bhféadfadh caillteanas ábhartha a bheith mar thoradh orthu.

Déanann an Oifig moltaí a dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus an tIniúchadh Inmheánach chun an timpeallacht rialaithe a láidriú, a athbhreithniú agus a chur i bhfeidhm go háirithe sna réimsí seo a leanas: ró-íocaíochtaí párolla; teicneolaíocht na faisnéise; calaois agus leochaileacht; taisteal agus cothabháil; agus aoisliúntas agus pinsin.

**Hilary Murphy-Fagan**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte

an 27 Márta 2020

# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 18 An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le hOifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

#### *Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair*

Sa ráiteas faoin rialú inmheánach airgeadais nocht an tOifigeach Cuntasaíochta go raibh neamhchomhlíonadh ar leibhéal ábhartha le rialacha soláthair náisiúnta i ndáil le conradh seirbhísí a bhí i mbun feidhme in 2019.

#### *Cur chun feidhme seirbhísí comhroinnte bainistíochta airgeadais*

Scrúdaítear i gCaibidil 5 de mo thuarascáil ar chuntais na seirbhísí poiblí le haghaidh 2019 an dul chun cinn atá déanta go dtí seo ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte i ndáil le tionscadal na seirbhísí comhroinnte bainistíochta airgeadais.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

24 Meán Fómhair 2020

# Vóta 18 An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte

## Cuntas Leithreasa 2019

| | | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar sna meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas an chláir** | | | | | |
| A Feidhm an *NSSO* | | | | | |
| | *Bunaidh* | 26,737 | | | |
| | *Géilleadh Iarchurtha* | 1,168 | | | |
| | | | 27,905 | 24,582 | 24,627 |
| B Seirbhísí Comhroinnte AD | | | 10,414 | 10,115 | 9,098 |
| C Seirbhísí Comhroinnte Párolla | | | 12,029 | 12,243 | 11,853 |
| D Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais | | | 6,884 | 539 | 1,224 |
| **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 56,064 | | | |
| | *Géilleadh Iarchurtha* | 1,168 | | | |
| | | | **57,232** | **47,479** | **46,802** |
| *Lúide* | | | | | |
| E **Leithreasaí i gCabhair** | | | **5,740** | **5,833** | **5,275** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 50,324 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 1,168 | | | |
| | | | **51,492** | **41,646** | **41,527** |

**Barrachas**

Tá barrachas na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a feidhmíodh dlite lena ghéilleadh don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir iomlán nó cuid d’aon leithghabháil neamhchaite do sheirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn lena chaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin. Tugadh €1.024 mhilliún de na leithdháiltí nach raibh caite a bhain le heilimintí caipitil faoi fho-mhírcheann A ar aghaidh go dtí 2020.

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Barrachas | 9,846,470 | 3,168,962 |
| Géilleadh iarchurtha | (1,024,000) | (1,168,000) |
| **Barrachas atá le géilleadh** | **8,822,470** | **2,000,962** |

**Hilary Murphy-Fagan**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte

an 27 Márta 2020

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas maidir le Costas Oibriúcháin 2019

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas an chláir | | 11,285 | 12,793 |
| Pá | | 27,783 | 26,484 |
| Neamhphá | | 8,411 | 7,525 |
| **Ollchaiteachas** | | **47,479** | **46,802** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí i gCabhair** | | **5,833** | **5,275** |
| **Glanchaiteachas** | | **41,646** | **41,527** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin - airgead tirim | (5,798) | | |
| Dímheas | 4,749 | (1,049) | (3,293) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (541) | | |
| Méadú ar stoc | (1) | (542) | 1,852 |
| **Caiteachas díreach** | | **40,055** | **40,086** |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | (9,551) | (9,069) |
| Measchíosanna | | 461 | 445 |
| **Glanchostas an chláir** | | **30,965** | **31,462** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an méid glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna measta seo a leanas maidir le Vóta 18 a tabhaíodh in áit éigin eile, agus de chostais a tabhaíodh i Vóta 18 maidir le Vótaí eile.

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 7 | Airgeadas | 98 | 98 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 2 | — |
| Vóta 11 | Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú | 854 | 820 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 1,662 | 1,689 |
| Costas cionroinnte na seirbhísí comhroinnte le haghaidh Vótaí eile | | (12,167) | (11,676) |
| Glanchostas na seirbhísí comhroinnte curtha ar fáil do vótaí eile | | **(9,551)** | **(9,069)** |

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais an 31 Nollaig 2019

| | Nóta | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 23,165 | 23,277 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 32,699 | 23,688 |
| Stoic | 2.3 | 30 | 29 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.4 | 3,194 | 2,733 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 706 | 1,092 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | **36,629** | **27,542** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | | 650 | 1,891 |
| Maoiniú cliant /iarmhéideanna réamhíocaíochtaí | 2.6 | 31,351 | 22,963 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.7 | 1,174 | 1,040 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.8 | 880 | 777 |
| **Dliteanais reatha iomlán** | | **34,055** | **26,671** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 2,574 | 871 |
| **Glansócmhainní** | | **25,739** | **24,148** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe an Stáit** | 2.9 | **25,739** | **24,148** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Bogearraí agus trealamh TF | Troscán agus feistis | Trealamh oifige | Sócmhainní caipitil arna bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil an 1 Eanáir 2019 | 25,856 | 530 | 82 | 15,673 | 42,141 |
| Suimeanna Breise | 324 | 28 | 6 | 4,279 | 4,637 |
| Costas nó luacháil an 31 Nollaig 2019 | 26,180 | 558 | 88 | 19,952 | 46,778 |
| **Dímheas carntha** [a] | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh an 1 Eanáir 2019 | 18,522 | 272 | 70 | — | 18,864 |
| Dímheas don bhliain | 4,682 | 58 | 9 | — | 4,749 |
| Dímheas carntha an 31 Nollaig 2019 | 23,204 | 330 | 79 | — | 23,613 |
| **Glansócmhainní an 31 Nollaig 2019** | **2,976** | **228** | **9** | **19,952** | **23,165** |
| Glansócmhainní an 31 Nollaig 2018 | 7,334 | 258 | 12 | 15,673 | 23,277 |

Nóta [a] Déantar dímheas a ríomh ar bhonn bliantúil

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna agus airgead tirim PMG | 1,348 | 725 |
| Iarmhéideanna cuntais bainc eile | 31,351 | 22,963 |
| | **32,699** | **23,688** |

## 2.3 Stoic

| an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Stáiseanóireacht | 29 | 27 |
| Tomhaltáin TF | 1 | 2 |
| | **30** | **29** |

## 2.4 Réamhíocaíochtaí

| an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Tacaíocht/ceadúnais bogearraí | 2,420 | 1,947 |
| Cothabháil crua-earraí | 687 | 686 |
| Réamhíocaíochtaí eile | 87 | 100 |
| | **3,194** | **2,733** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Scéim caiteachais maidir le pas infhorchúitithe taistil | 136 | 102 |
| Oifig na nOibreacha Poiblí | 27 | 499 |
| Muirir seirbhíse HR | 475 | 467 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 68 | 24 |
| | **706** | **1,092** |

## 2.6 Cuntas bainc párolla cliantmhaoinithe

Cuireann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte seirbhís chomhroinnte phárolla ar fáil do roinnt ranna/oifigí agus gníomhaireachtaí Rialtais. B'ionann an t-iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2019 agus €30.8 mhilliún (2018: €23 mhilliún), agus tugann sin ar fad léiriú ar airgead arna lóisteáil ag na cliantoifigí sin chun maoiniú tuarastal a chlúdach thar thréimhse na bliana nua.

D'eisigh an *NSSO* íocaíochtaí iomlána arbh ionann iad agus €5.3 billiún sa bhliain 2019 (2018: €4.83 milliún).

## 2.7 Iarmhéideanna sochair eile

| an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Méideanna dlite don stáit** | | |
| Cáin ioncaim | 289 | 253 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 282 | 263 |
| Cáin shiarchoinneála na seirbhísí gairmiúla | 238 | 411 |
| Cáin bhreisluacha | 72 | 45 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 122 | 5 |
| Cáin mhaoine áitiúil | 3 | 3 |
| An Muirear sóisialta uilíoch | 61 | 59 |
| | 1,067 | 1,039 |
| Asbhaintí párolla coinnithe ar fionraí | 107 | — |
| Míreanna creidmheasa eile ar fionraí | — | 1 |
| | **1,174** | **1,040** |

## 2.8 Glanmhaoiniú Státchiste

| an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Barrachas atá le géilleadh | 8,822 | 2,001 |
| Géilleadh iarchurtha | 1,024 | 1,168 |
| Deontas neamhtharraingthe an Státchiste | (8,966) | (2,392) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **880** | **777** |
| **Léirithe ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 32,699 | 23,688 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 706 | 1,092 |
| | 33,405 | 24,780 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,067) | (1,039) |
| Maoiniú cliant /iarmhéideanna réamhíocaíochtaí | (31,351) | (22,963) |
| Iarmhéideanna sochair: ar fionraí | (107) | (1) |
| | (32,525) | (24,003) |
| | **880** | **777** |

## 2.9 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | | 24,148 | 24,840 |
| Íocaíochtaí amach as an Vóta | | | | |
| Soláthar measta | Cuntas | 51,492 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (1,024) | | |
| Barrachas atá le géilleadh | Cuntas | (8,822) | | |
| Vóta glan | | | 41,646 | 41,527 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1.1 | | (9,551) | (9,069) |
| Mír neamh-airgid - coigeartú i ndáil sócmhainní caipitil | | | — | (2,133) |
| Caiteachas neamh-airgid - measchíos | | | 461 | 445 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (30,965) | (31,462) |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig** | | | **25,739** | **24,148** |

## 2.10 Gealltanais

### a) Gealltanais iomlánaíocha

| an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Earraí agus seirbhísí a fháil | 951 | 2,743 |
| Tionscadail chaipitil | 11,146 | 12,501 |
| **Iomlán na ngealltanas infheidhmithe le dlí** | **12,097** | **15,244** |

### b) Mórthionscadail chaipitil

| | Caiteachas carntha go dtí an 31 Nollaig 2018 | Caiteachas in 2019 | Gealltanais tionscadail sna blianta ina dhiaidh sin | Caiteachas iomlán i ndáil le saolré ionchais an tionscadail in 2019 | Caiteachas iomlán ionchais i ndáil le saolré an tionscadail in 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Tionscadal** | | | | | |
| Seirbhísí comhroinnte um bainistíocht airgeadais | 20,289 | 4,281 | 11,146 | 35,716 | 32,790 |
| | **20,289** | **4,281** | **11,146** | **35,716** | **32,790** |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Tá míniú tugtha thíos sa chás gur tháinig athrú ar chostas réamh-mheasta tionscadail de bhreis is €500,000 i gcomórtas le 2018.

**Seirbhísí comhroinnte um bainistíocht airgeadais**

*Ardú ar chaiteachas iomlán a bhfuiltear ag súil leis: €2.926 milliún*

Bhain an méadú €2.9 milliún ar chostais le hoibreacha breise €3.4 milliún a theastaigh maidir leis an gcéim athphleanála le linn 2019, a fritháiríodh le gealltanais €500,000 a bhí ann ag deireadh na bliana 2018 ach nár tharla an caiteachas ina leith. Tabharfar faoi athbhreithniú ar an gcostas foriomlán lena thabhairt chun críche in 2020 agus táthar ag súil go mbeidh tionchar aige ar an gcaiteachas iomlán thar shaolré an tionscadail mar atá leagtha amach thuas.

## 2.11 Dliteanais aibithe

| an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nach raibh scaoilte ag deireadh na bliana | 81 | 139 |

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a leithdháileadh ar na cláir, chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar sna meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 32,866 | 27,783 | 26,484 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 324 | 166 | 195 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 1,474 | 1,346 | 1,144 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 1,546 | 614 | 604 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 7,360 | 5,660 | 5,161 |
| vi | Speansais i ndáil le háitreabh na hoifige | 835 | 625 | 421 |
| | | **44,405** | **36,194** | **34,009** |

#### Éagsúlachtaí suntasacha

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh éagsulachtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

**ii Taisteal agus cothabháil**

*Soláthar sna meastacháin: €324,000, toradh: €166,000*

Bhí caiteachas i ndáil leis an mbliain 2019 49% faoin mbuiséad. Bhain an tearc-chaitheamh le hoibríochtaí *FSS* (Clár D) den chuid is mó mar gheall ar an moill a bhí ann córas na Seirbhísí Comhroinnte um Bainistíocht Airgeadais a chur ar fáil.

**iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide**

*Soláthar sna meastacháin: €1.546 milliún, toradh: €614,000*

Bhain an tearc-chaitheamh le hoibríochtaí *FSS* (Clár D) den chuid is mó mar gheall ar an moill a bhí ann córas na Seirbhísí Comhroinnte um Bainistíocht Airgeadais a chur ar fáil.

**v Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF**

*Soláthar sna meastacháin: €7.36 milliún, toradh: €5.66 milliún*

Bhí caiteachas i ndáil leis an mbliain 2019 23% faoin mbuiséad. Bhain an tearc-chaitheamh le caiteachas caipitil TF níos ísle ná mar a bhí beartaithe agus le hoibríochtaí *FSS* (Clár D) den chuid is mó mar gheall ar an moill a bhí ann córas na Seirbhísí Comhroinnte um Bainistíocht Airgeadais a chur ar fáil.

**vi Speansais i ndáil le háitreabh na hoifige**

*Soláthar sna meastacháin: €835,000, toradh: €625,000*

Tá toradh 2019 faoin mbuiséad. Bhain sé seo, den chuid is mó, le hobair athchóirithe a bhí beartaithe ach nár críochnaíodh sa bhliain agus costais oibríochta níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leo.

## Clár A Feidhm na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte

| | | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar sna meastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán - pá | | 8,324 | 7,130 | 6,355 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | | 6,754 | 6,167 | 5,479 |
| A.3 | Tionscadal Seirbhísí Comhroinnte um Bainistíocht Airgeadais | | | | |
| | *Bunaidh* | 11,659 | | | |
| | *Breise* | 1,168 | | | |
| | | | 12,827 | 11,285 | 12,793 |
| | | | **27,905** | **24,582** | **24,627** |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh athrúcháin shuntasacha i gceist i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas a bhain le Clár A €3.323 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús (lena n-áirítear an géilleadh iarchurtha a tugadh ar aghaidh ón mbliain 2018). Bhí an éagsúlacht ann mar gheall ar na nithe seo a leanas den chuid is mó:

**A.1 Riarachán - pá**

*Soláthar sna meastacháin: €8.324 milliún, toradh: €7.13 milliún*

Ba mar gheall, den chuid is mó, nár líonadh folúntais sa chéad leath den bhliain, chomh maith le bille níos ísle ná mar a bhí tuartha i ndáil le Seirbhísí Tacaíochta Custaiméara a raibh sábháil €1.2 milliún ar chaiteachas.

**A.2 Riarachán – neamhphá**

*Soláthar sna meastacháin: €6.754 milliún, toradh: €6.167 milliún*

Ba mar gheall, den chuid is mo, ar chaiteachas níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis a bheith ar fhoghlaim agus forbairt, agus ar áiseanna a raibh sábháil €587,000 ar chaiteachas.

**A.3 Tionscadal Seirbhísí Comhroinnte um Bainistíocht Airgeadais**

*Soláthar sna meastacháin: €12.827 milliún, toradh: €11.285 milliún*

Ba mar thoradh ar mhoill mhór a bheith ag baint le roinnt gnéithe den tionscadal a fhorbairt, a leagan amach agus a rolladh amach a raibh sábháil €1.542 milliún ar chaiteachas ann (lena n-áirítear an géilleadh iarchurtha a tugadh ar aghaidh ón mbliain 2018). Déanfar athbhreithniú ar an gcostas foriomlán a bhainfidh lena chríochnú in 2020.

## Clár B Seirbhísí Comhroinnte AD

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar sna meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Riarachán - pá | 9,887 | 9,422 | 8,677 |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | 527 | 693 | 421 |
| | | **10,414** | **10,115** | **9,098** |

## Clár C Seirbhísí Comhroinnte Párolla

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar sna meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| C.1 | Riarachán - pá | 10,890 | 10,814 | 10,493 |
| C.2 | Riarachán - neamhphá | 1,139 | 1,429 | 1,360 |
| | | **12,029** | **12,243** | **11,853** |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh athrúcháin shuntasacha i gceist i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd bhí an caiteachas a bhain le Clár C €214,000 níos airde ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhí éagsúlacht ann mar gheall ar na nithe seo a leanas den chuid is mó:

**C.2 Riarachán - neamhphá**

*Soláthar sna meastacháin: €1.139 milliún, toradh: €1.429 milliún*

Tharla an caiteachas breise den chuid is mó mar gheall ar mhuirir bhainc nach raibh tugtha san áireamh sa bhuiséad agus ús diúltach a muirearaíodh ar iarmhéideanna coinnithe, a tharla mar gheall ar an moill a bhain le seirbhísí baincéireachta a ascnamh.

## Clár D Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais

| | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar sna meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| D.1 | Riarachán - pá | 3,765 | 417 | 959 |
| D.2 | Riarachán - neamhphá | 3,119 | 122 | 265 |
| | | **6,884** | **539** | **1,224** |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh athrúcháin shuntasacha i gceist i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd bhí an caiteachas a bhain le Clár D €6.345 níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Tharla an éagsúlacht mar gheall nár cuireadh an córas *FMSS* i bhfeidhm in 2019 agus níor chúir an *FSS* tús le hoibríochtaí mar a bhí pleanáilte mar thoradh air sin. Rinneadh foireann *FSS* a athlonnú le linn 2019 chuig an togra *FMSS* agus chuig réimsí oibríochta eile. Bhí éagsúlacht ann mar gheall ar na nithe seo a leanas den chuid is mó:

**D.1 Riarachán - pá**

*Soláthar sna meastacháin: €3.765 milliún, réadaithe: €417,000*

De bharr nár cuireadh an córas *FMSS* i bhfeidhm mar a bhí pleanáilte, ní raibh gá leis na costais oibríochta a bhain le foireann a rabhthas ag súil leo in 2019. Rinneadh foireann oibríochta *FSS* a athlonnú le linn 2019 chuig an togra *FMSS* agus chuig réimsí oibríochta eile san *NSSO*.

**D.2 Riarachán - neamhphá**

*Soláthar sna meastacháin: €3.119 milliún, toradh: €112,000*

De bharr go raibh moill ann an córas *FMSS* a chur i bhfeidhm, níor thabhaigh oibríochtaí *FSS* na forchostais a rabhthas ag súil leo.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí i gcabhair

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Meastachán** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Tobhach Seirbhísí Comhroinnte AD | 5,030 | 5,072 | 4,454 |
| 2 | Ilghnéitheach | 170 | 251 | 234 |
| 3 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí [a] | 540 | 510 | 587 |
| | **Iomlán** | **5,740** | **5,833** | **5,275** |

Nóta [a] Tagraíonn figiúr 2018 d'asbhaintí a bhaineann le pinsean. Cuireadh rannaíocaíochtaí aoisliúntais breise ina n-ionad sin ó Eanáir 2019.

## Nóta 5 Foireann a Sholáthar agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhfostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | 750 | 746 |

### 5.2 Pá

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá[a] | 27,695 | 26,177 |
| Liúntais níos airde, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 48 | 77 |
| Liúntais eile | 66 | 20 |
| Ragobair | 466 | 297 |
| ÁSPC an fhostóra | 2,494 | 2,267 |
| **Pá iomlán** | **30,769** | **28,838** |

Nóta [a] Déantar an figiúr pá iomlán a dháileadh ar fho-mhírchinn A.1, A.3, B.1, C.1 agus D.1.

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Íocaíocht aonair is mó | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2019 | 2018 |
| | | | € | € |
| Dualgais níos airde, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 8 | 2 | 13,002 | 31,194 |
| Liúntais eile [a] | 6 | 2 | 34,156 | 7,509 |
| Ragobair | 368 | 2 | 10,647 | 8,169 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin. | 3 | 1 | 10,442 | 10,117 |

Nóta [a] Áirítear ar liúntais eile ranníocaíochtaí pinsin fostóra i leith baill foirne atá ar iasacht ag an *NSSO*.

### 5.4 Ró-íocaíochtaí párolla

| an 31 Nollaig | **Líon na bhfaighteoirí** | **2019** | **2018** |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Ró-íocaíochtaí | 67 | 88 | 124 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 24 | 61 | 57 |

Aistríodh 21 ró-íocaíocht a raibh pleananna aisghabhála i bhfeidhm orthu agus a raibh luach €6,597 leo chuig Ranna eile sa bhliain (2018: seisear a raibh luach €5,872 ag baint leo).

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Calaois agus calaois amhrasta

| | **Líon Cásanna** | **2019** | **2018** |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Calaois | 1 | 31 | — |
| Calaois amhrasta | — | — | — |

Féach ar fhaisnéis bhreise i ndáil leis an gcás seo sa ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais.